AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.7.2022
COM(2022) 333 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar na ‘Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh’ a dhéanann Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar na 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' a dhéanann Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009

1. RÉAMHRÁ

1.1. Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach

Is é seo an tríú tuarascáil arna tarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach[1], agus go háirithe Airteagal 11(4) lena mbunaítear an méid seo a leanas:

'Maidir leis na Gealltanais ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta orthu ar bhonn tuarascálacha bliantúla a sheolfaidh na Ballstáit agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá.

…

Faoin 9 Meitheamh 2018 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na Gealltanais arna bhfoilsiú agus, i gcás inarb iomchuí, tuarascálacha ar dhul chun cinn.'

Foilsíodh an chéad tuarascáil in 2018[2] agus an dara tuarascáil in 2020[3].

1.2. Tiomantas maidir le Muinín as Staidreamh

Tá coincheap an Ghealltanais maidir le Muinín as Staidreamh ('an Gealltanas') bunaithe ar an aidhm an creat cáilíochta do staidreamh a fheabhsú. Déantar cur síos air den chéad uair i dTeachtaireacht ón gCoimisiún in 2011[4]. Is bealach é an coincheap chun na rialtais náisiúnta a dhéanamh rannpháirteach sa fhreagracht as leibhéal comhlíonta na tíre leis an gCód Cleachtais don Staidreamh Eorpach ('an Cód')[5].

Leagtar síos sa Chód an caighdeán chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Tá sé bunaithe ar 16 phrionsabal a bhaineann leis an timpeallacht institiúideach, próisis staidrimh agus aschuir. Is é is aidhm dó a áirithiú ní hamháin go bhfuil staidreamh Eorpach ábhartha, tráthúil agus cruinn ach go gcomhlíonann sé freisin prionsabail an neamhspleáchais ghairmiúil, na neamhchlaontachta agus na hoibiachtúlachta. Leis an nGealltanas bunaítear nasc idir an Cód agus rialtas Ballstáit, nasc a bhí in easnamh roimhe sin.

De réir Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, is ionstraim é an Gealltanas 'a dhíreoidh a thuilleadh ar mhuinín an phobail as staidreamh Eorpach agus ar dhul chun cinn i

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

2 COM (2018) 516 final: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1574866259293&uri=CELEX:52018DC0516

3 COM(2020) 278 final: EUR-Lex - 52020DC0278 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

4 COM (2011) 211.

5 European statistics Code of Practice -revised edition 2017

gcur chun feidhme phrionsabail an staidrimh atá sa Chód Cleachtais', a bheidh le glacadh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún araon.

Luaitear freisin in Aithris 17 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/759[6] gur cheart go n-áireofaí ar an nGealltanas 'gnóthais shonracha ó rialtas an Bhallstáit sin na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a fheabhsú nó a choinneáil ar bun'.

1.3. Athbhreithnithe piaraí ar an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE)

Is comhpháirtíocht iad Eurostat agus údaráis staidrimh náisiúnta na mBallstát uile agus thíortha CSTE chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh ar a dtugtar an Córas Staidrimh Eorpach (CSE). Chun cáilíocht a staidrimh a ráthú, chruthaigh comhaltaí CSE creat coiteann cáilíochta a bhfuil an Cód mar bhunchloch aige. Chomh maith leis na Gealltanais, is ionstraim thábhachtach é athbhreithnithe piaraí CSE a dhéantar go tréimhsiúil chun measúnú a dhéanamh an bhfuil comhaltaí ag comhlíonadh an Chóid, chun cur chun feidhme an chreata choitinn cáilíochta a áirithiú agus, dá bhrí sin, cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a áirithiú.

Is ar bhonn rialta a dhéantar athbhreithnithe piaraí CSE, lena n-áirítear féinmheasúnuithe, cuairteanna ar thíortha agus tuarascáil athbhreithnithe piaraí do gach tír athbhreithnithe ina bhfuil moltaí maidir le feabhsú, agus déantar obair leantach orthu sin trí ghníomhaíochtaí feabhsaithe agus trí fhaireachán bliantúil Eurostat. Rinneadh dhá bhabhta athbhreithnithe piaraí roimhe seo idir 2006 agus 2008 agus idir 2013 agus 2015. An tríú babhta, atá ann faoi láthair, déanfar é idir 2021 agus 2023.

2. FORLÉARGAS AR NA GEALLTANAIS MAIDIR LE MUINÍN AGUS TUARASCÁLACHA TÍRE

2.1. Forálacha ginearálta

De réir Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ní mór do na Ballstáit Gealltanas a bhunú agus a fhoilsiú, nó ar a laghad tuarascáil ar dhul chun cinn a sheoladh chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Chóid agus na hiarrachtaí a rinneadh i dtreo Gealltanas a bhunú.

Déanann an Coimisiún faireachán ar na Gealltanais go rialta, ar bhonn tuarascálacha bliantúla arna seoladh ag na Ballstáit.

2.2. Foirm an Ghealltanais

Ní leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 rialacha maidir leis an bhfoirm ba cheart a bheith ar an nGealltanas. Mar sin féin, ní mór gealltanais shonracha beartais a bheith san áireamh sna Gealltanais agus ní mór iad a thíolacadh agus a dhréachtú ar bhealach lena n-áiritheofar na dálaí cearta le haghaidh staidreamh ardcháilíochta.

Na Ballstáit sin a mheasann gurb ionann codanna áirithe dá reachtaíocht féin agus an Gealltanas, go ginearálta, tagraíonn siad do na forálacha sonracha dlí atá ábhartha chun na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid a fheabhsú nó a choinneáil ar bun agus chun tuarascáil a thabhairt ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí. Tá fógra tugtha ag na Ballstáit a bhfuil Gealltanais aonair bunaithe acu don Choimisiún fúthu agus chuir siad na Gealltanais ar fáil go poiblí.

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 2015/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach (IO L 316, 123.19.2012, lch. 90).

Tugtar forbhreathnú i Roinn 2.2.1. thíos ar Ghealltanais atá ann cheana féin ar tuairiscíodh forbairtí suntasacha ina leith le linn 2020 agus 2021:

2.2.1. Dlíthe náisiúnta arb iad atá sa Ghealltanas

An Chróit: Tháinig an tAcht nua Staidrimh Oifigiúil i bhfeidhm i Márta 2020[7]. Tugann sé neamhspleáchas gairmiúil do Bhiúró Staidrimh na Cróite agus an tacaíocht is gá dó chun na dálaí maidir le cur chun feidhme an Chóid a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Cuireadh feabhas ar na forálacha maidir leis an Ard-Stiúrthóir a cheapadh agus a bhriseadh as a phost, agus rinneadh forálacha maidir le comhar agus comhordú laistigh den chóras staidrimh agus dréachtaíodh bonn nua maoinithe. Tuairiscíodh go raibh dul chun cinn suntasach lenar ullmhaíodh an Ghealltanais aonair atá beartaithe.

An tSeicia: Foilsíodh an cinneadh an 28 Feabhra 2018[8]. In 2020 agus in 2021, thug an rialtas lánurraim do phrionsabal neamhspleáchas gairmiúil Oifig Staidrimh na Seice, prionsabal a chuir prionsabail an neamhspleáchais ghairmiúil chun cinn go gníomhach agus a ghníomhaigh de réir na bprionsabal sin.

An Danmhairg: In 2020 agus in 2021, d'ullmhaigh an Staitisteoir Náisiúnta treoirlínte cáilíochta éigeantacha nua bunaithe ar an gCód, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú don rialtas agus atá mar bhonn le nós imeachta forfheidhmithe náisiúnta.

An Fhionlainn: Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an ngníomh staidrimh náisiúnta ábhartha agus cuirfear faoi bhráid na Parlaiminte é le linn 2022.

An Fhrainc: Chuaigh an próiseas chun teacht ar neamhspleáchas gairmiúil an staidrimh sa dlí chun cinn go maith. Tá leasú déanta cheana féin ag an Aireacht Cultúir ar an bhforaithne dá réir sin. Maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní, síníodh conradh ilbhliantúil, lena ndearbhaítear go mbainfí na cuspóirí amach agus go bhfeabhsófaí bainistíocht inmheánach. Rinneadh an chuairt athbhreithnithe piaraí CSE cheana féin in 2021[9].

An Iodáil: Rinneadh an chuairt athbhreithnithe piaraí CSE ag deireadh 2022. In 2020 agus in 2021, nuashonraíodh beartas cáilíochta na hinstitiúide staidrimh, athbhunaíodh an coiste cáilíochta agus formheasadh an dara heagrán de Chód Cleachtais Staidrimh na hIodáile. Leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun Gealltanas 'neamhspleách' a ullmhú.

An Ísiltír: Rinneadh go leor beart in 2020 agus in 2021 chun comhlíonadh an Chóid a fheabhsú. Mar shampla, in 2020, d'eisigh Oifig Staidrimh na hÍsiltíre (CBS) straitéis acmhainní daonna nua do 2020-2025 agus fuair sí roinnt deimhnithe ISO.

An Spáinn: Cuirtear an Gealltanas chun feidhme mar chuid de Phlean Náisiúnta Staidrimh 2021-2024 agus de na cláir bhliantúla ina dhiaidh sin. Ar shuíomh gréasáin ar leith atá á óstáil ag an institiúid staidrimh náisiúnta tá achoimre saoránach ar an nGealltanas, maille le naisc chuig gach plean ilbhliantúil agus gach clár bliantúil ó 2016 i leith[10].

7 Iris Oifigiúil Uimh. 25/20

8 https://www.czso.cz/csu/czso/commitment-on-confidence-in-statistics-in-the-czech-republic

9 Doiciméad le fáil ar: europa.eu

10 INE – MetodologiaYEstandares – Initiatives of promotion and application of the European statistics Code of Practice [Tionscnaimh i ndáil le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh]

An tSlóvaic: Is ionann an ‘Gníomh maidir le Staidreamh Stáit’[11] agus an Gealltanas. Leasaíodh é in 2021 chun é sin a shoiléiriú agus chun prionsabail an Chóid a chur chun feidhme.

I measc na mBallstát eile a mheasann gurb ionann an Gealltanas agus an dlí náisiúnta nach ndearna aon mhórathruithe a thuairisciú le 2 bliana anuas, áirítear na Ballstáit seo a leanas: **An Ostair, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Pholainn agus an Phortaingéil**.

2.2.2. Gealltanais neamhspleácha

an Bhulgáir:

Ba i mí na Nollag 2021 a ghlac rialtas na Bulgáire an t-aon ghealltanas neamhspleách nua ó ghlac rialtas na Bulgáire an tuarascáil dheireanach[12]. Fógraítear ann go gcomhlíonann an córas staidrimh náisiúnta prionsabail an Chóid, ráthaíonn sé neamhspleáchas staidrimh oifigiúil agus cuirtear in iúl ann tiomantas an rialtais do cháilíocht na sonraí staidrimh arna dtáirgeadh ag an institiúid náisiúnta staidrimh, rud a chuirfidh le hinchreidteacht staidreamh na Bulgáire.

Gealltanais neamhspleácha a ndearnadh cur síos orthu i dtuarascálacha roimhe seo:

An Ghréig: Síníodh an Gealltanas[13] in 2012.

An tSualainn: Cuireadh an Gealltanas[14] i láthair i mbille buiséid an rialtais do 2017.

An tSlóivéin: Ghlac an rialtas an Gealltanas[15] in 2017.

Éire: Ghlac an rialtas an Gealltanas[16] in 2017.

An Bheilg: Foilsíodh an Gealltanas[17] in 2017.

An Rómáin: Ghlac an rialtas an Gealltanas[18] in 2017. Thuairiscigh an Rómáin gur ghlac sí céimeanna breise in 2020 agus 2021 chun neamhspleáchas na hinstitiúide staidrimh a áirithiú, chun acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh, agus thug sí isteach beartais agus modheolaíochtaí nua maidir le digitiú, cosaint sonraí agus úsáid níos fearr a bhaint as sonraí riaracháin.

---

11 Airteagal Uimh. 540/2001

12 https://nsi.bg/en/content/19201/basic-page/commitment-confidence-statistics

13 https://www.statistics.gr/documents/20181/c5b9264e-815e-4f74-9955-467d14cad474 (Ar fáil i mBéarla amháin).

14 https://www.scb.se/contentassets/bbe78b2a144143c7955b165f76fb4d52/regeringens-atagande-om-att-skapa-fortroende-for-statistiken.pdf agus https://www.scb.se/om-scb/samordning-av-europeisk-statistik-i-sverige/regeringens-atagande-om-att-skapa-fortroende-for-statistiken/ (Ar fáil i Sualainnis amháin).
Féach freisin leathanaigh 28 agus 29 de Thuarascáil bhliantúil 2017 – Staidreamh Oifigiúil na Sualainne https://www.scb.se/contentassets/fd60f41a3abc4d2c8a791e425357ba5b/ov9999_2017a01_br_x43br1802.pdf **(**Cur síos ar an ngealltanas i mBéarla**).**

15 https://www.stat.si/StatWeb/en/News/Index/6458 (Ar fáil i mBéarla agus i Slóivéinis amháin).

16 https://www.cso.ie/en/media/csoie/aboutus/documents/CoCS.pdf (Ar fáil i mBéarla amháin).

17 https://statbel.fgov.be/en/about-statbel/quality/commitment-confidence (Ar fáil i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis agus in Ollainnis).

18 https://insse.ro/cms/files/eurostat/angajament_de_sprijinirea_credibilitatii_statisticii_oficiale_nationale.pdf (Ar fáil i Rómáinis amháin).

Málta: Síníodh an Gealltanas[19] in 2018.

An Chipir: Síníodh an Gealltanas in 2018 agus foilsíodh é[20] in éineacht le hachoimre saoránach. Thug an Chipir le fios go bhfuil sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an nGealltanas tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta staidrimh in 2021.

LEE, CSTE agus Tíortha is Iarrthóirí:

Tá Gealltanas neamhspleách[21] bunaithe freisin ag an Íoslainn, tír atá rannpháirteach in CSE ina cáil mar thír de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Thug an Eilvéis, tír atá rannpháirteach in CSE ar bhonn déthaobhach, tuairisc mhionsonraithe ar na bearta náisiúnta lena ráthaítear comhlíonadh an Chóid. Tá an tír sin ag soiléiriú faoi láthair freisin an chaoi a bhféadfaí Gealltanas foirmiúil a chur ar fáil. Ghlac trí thír de chuid na mBalcán Thiar Gealltanais go foirmiúil: An Albáin in 2017, Montainéagró in 2018 agus an Mhacadóin Thuaidh in 2018.

3. CONCLÚID

Is léir gur baineadh amach an éifeacht a rabhthas ag súil leis nuair a bunaíodh na Gealltanais, is é sin gur cuireadh de cheangal ar rialtais na mBallstát cloí leis an gCód agus mar thoradh air sin cuireadh leis an muinín atá ag an bpobal as staidreamh oifigiúil ar fud an Aontais agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus i dtíortha comharsanachta. Tá feabhsuithe suntasacha déanta ag rialtais ar a reachtaíocht staidrimh agus d'eisigh siad a nGealltanais go poiblí chun a ráthú go n-urramófar prionsabail an Chóid.

Tá líon méadaitheach tíortha tar éis Gealltanais neamhspleácha a bhunú nó tá siad á ndéanamh faoi láthair, cé go measann tromlach díobh fós go bhfuil an Gealltanas ina chuid dhílis dá reachtaíocht staidrimh. Is léir go dtógann an próiseas ullmhúcháin am, go háirithe mar gheall ar an ngá atá le cinneadh polaitiúil.

Faoi láthair is é an tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí CSE, atá le déanamh faoi 2023, an ghníomhaíocht is tábhachtaí chun tacú le comhlíonadh an Chóid agus chun ardcháilíocht staidrimh Eorpaigh a léiriú chomh maith le feabhsuithe breise a shainaithint. Is féidir breathnú ar shásra athbhreithnithe piaraí CSE mar cholún eile tacaíochta do na Gealltanais, ós rud é go ndéanann sé meastóireacht go tréimhsiúil ar an bhféinghealltanas ó na húdaráis staidrimh náisiúnta chun cloí leis an gCód. I bhfianaise an naisc láidir idir an dá phróiseas, is féidir a bheith ag súil le forbairtí maidir leis na Gealltanais ó bhabhta reatha na n-athbhreithnithe piaraí, agus is é is dóichí go ndéanfar an tuairisciú a nascadh arís.

Ar an iomlán, is léir go bhfuil feasacht ard i measc na rialtas agus na n-údarás náisiúnta staidrimh ar fud an Aontais maidir leis an tábhacht a bhaineann le muinín an phobail as staidreamh Eorpach a áirithiú trí phrionsabail an Chóid a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Is léir freisin go bhfuil na coinníollacha chun an Cód a chur chun feidhme á bhfeabhsú go leanúnach.

---

19 https://nso.gov.mt/en/nso/Pages/Commitment-on-Confidence.aspx agus https://msa.gov.mt/en/public_information/Pages/Commitment-on-Confidence.aspx (Ar fáil i mBéarla amháin).

20 Commitment on Confidence in Statistics [Tiomantas maidir le Muinín as Staidreamh] (cystat.gov.cy)

21 https://www.stjornartidindi.is/Advert.aspx?RecordID=de627e49-2146-45cb-b1eb-969072b8deac